

An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

13960/26

TRANS 605
DELECT 156

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 6701 final
Ábhar:	TREOIR THARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 25.9.2026 lena leasaítear na hlarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6701 final.

Faoi iamh: C(2026) 6701 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.9.2026
C(2026) 6701 final

TREOIR THARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 25.9.2026

**lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint
na hEorpa agus ón gComhairle chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san
áireamh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha¹, leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le hiompar sábháilte agus slán earraí contúirteacha i dtíortha an Aontais agus eatarthu de bhóthar, d'iarnród nó ar uiscebhealach intíre. Cumhdaítear leis freisin gnéithe amhail luchtú agus díluchtú, an t-aistriú chuig modh iompair eile agus an t-aistriú uaidh, agus stadanna le linn an phróisis iompair. Leathnaítear leis cur i bhfeidhm rialacha idirnáisiúnta maidir le hiompar náisiúnta earraí contúirteacha.

Rialaítear iompar idirnáisiúnta earraí contúirteacha leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR); na Rialacháin maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), arb é atá iontu Foscríbhinn C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF), agus an Comhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN).

Le Treoir 2008/68/CE, is éigeantach forálacha na gcomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le hiompar náisiúnta laistigh de chríoch gach Ballstáit freisin.

Maidir leis na rialacha idirnáisiúnta thuasluaite, déanann a gcomhlachtaí cinnteoireachta iad a leasú go tráthrialta chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

Na leasuithe a ghlac na comhlachtaí ábhartha le linn an 2 bhliain 2024-2026, tugadh fógra ina leith do pháirtithe conarthacha ADR agus do pháirtithe conarthacha ADN an 1 Iúil 2026 agus do Stáit Chonarthacha RID an 17 Iúil 2026. In éagmais agóidí in aghaidh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 14(3) de ADR, in Airteagal 20, mír 5 de ADN agus in Airteagal 35 §4 de COTIF, faoi seach, tiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027.

Chun na leasuithe sin ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ADR, ar na Rialacháin atá i gceangal le ADN agus ar an Iarscríbhinn a ghabhann le RID a chur san áireamh, is gá na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/68/CE a leasú. De réir Airteagal 8(1) den Treoir sin, cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na críche sin.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Bunaíodh an Sainghrúpa maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha chun cuidiú leis an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ullmhú chun na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/68/CE maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

Tagraíonn oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil do na leasuithe ar ADR, RID agus ADN, a tugadh isteach le 2 bhliain anuas le linn chruinnithe ábhartha na Náisiún Aontaithe agus na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród.

Cuireadh an dréachtghníomh faoi bhráid an tSainghrúpa maidir le hIompar Earraí Contúirteacha trí nós imeachta i scríbhinn ón 3 Iúil 2026 go dtí an 13 Iúil 2026 chun tuairim a fháil uaidh. Thug an Sainghrúpa tuairim fhabhrach uaidh maidir leis an togra.

¹ IO L 260, 30.9.2008, lch. 13.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 8 de Threoir 2008/68/CE, cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun leasuithe ar ADR, RID agus ADN a chur san áireamh, agus sonraítear an nós imeacht chun na gníomhartha sin a ghlacadh in Airteagal 8a di. Leis an Treoir seo, ionchorpraítear i ndlí an Aontais na leasuithe ar an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a rinneadh a rinneadh maidir le ADR, RID agus ADN le linn an 2 bhliain 2024-2026 agus atá le teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027, agus cuirtear í in ionad Roinn I.1 d'Iarscríbhinn I, Roinn II.1 d'Iarscríbhinn II agus Roinn III.1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/68/CE.

Dá réir sin, iarrtar ar na Ballstáit doiciméad míniúcháin a chruthú ina mbeidh na tagairtí sonracha do na leasuithe arna dtabhairt isteach chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Ba cheart a léiriú sna doiciméid mhíniúcháin sin cé na dlíthe, na rialacháin nó na forálacha riaracháin ina luaitear an tagairt don Treoir, an Iarscríbhinn a bhfuil an trasuí á dhéanamh ina leith agus dáta theacht i bhfeidhm an bhirt náisiúnta. Ní gá tagairt mhionsonraithe a dhéanamh do na forálacha teicniúla iarbhir ná do na ceanglais shonracha maidir le gach foráil nua a chuirtear isteach san eagrán seo de ADR, RID, ADN.

TREOIR THARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 25.9.2026

lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha², agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I Roinn I.1 d'Iarscríbhinn I, Roinn II.1 d'Iarscríbhinn II agus Roinn III.1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/68/CE, tagraítear d'fhorálacha a leagtar amach i gcomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha de bhóthar, d'iarnród nó ar uiscebhealach intíre.
- (2) Tugtar forálacha na gcomhaontuithe idirnáisiúnta sin cothrom le dáta gach 2 bhliain. Beidh feidhm ag a leaganacha leasaithe deiridh ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, agus beidh idirthréimhse ann go dtí an 30 Meitheamh 2027.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2008/68/CE a leasú dá réir.
- (4) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de Threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2008/68/CE

Leasaítear Treoir 2008/68/CE mar a leanas:

1. in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn I.1:
‘I.1. ADR

² IO L 260, 30.9.2008, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/68/oj>.

Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le ADR, de réir mar is infheidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2027, ar choinníoll go gcuirtear ‘Ballstát’ in ionad ‘páirtí conarthach’ de réir mar is iomchuí.’;

2. in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn II.1:

‘II.1. RID

An Iarscríbhinn a ghabhann le RID, de réir mar is infheidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2027, ar choinníoll go gcuirtear ‘Ballstát’ in ionad ‘Stát Conarthach RID’ de réir mar is iomchuí.’;

3. in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn III.1:

‘III.1. ADN

Na Rialacháin atá i gceangal le ADN, de réir mar is infheidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2027, chomh maith le hAirteagal 3, pointí (f) agus (h) agus Airteagal 8(1) agus (3) de ADN, ar choinníoll go gcuirtear ‘Ballstát’ in ionad ‘páirtí conarthach’ de réir mar is iomchuí.’.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na dlíthe, na rialacháin nó na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2027. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.
Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.
2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25.9.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN